

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile / School name	Pobalscoil Chorca Dhuibhne
Seoladh na scoile / School address	An Gróbh Daingean Uí Chúis Co. Chiarraí
Uimhir rolla / Roll number	915110

Dáta na Meastóireachta: 14-03-2019



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

Conas an tuairisc seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

COSAINN LEANAÍ

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí:

1. Tá ainm an teagmhálaí ainmnithe agus an ráiteas slánchumhdaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile / sa limistéar fáiltithe.
2. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca.
3. Tá sé dearbhaithe ag gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile léite acu agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí mar dhuine faoi shainordú.
4. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
5. Ar na taifid de na trí chruinniú bainistíochta is déanaí tá taifead de thuairisc mhaoirseachta um chosaint leanaí i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
6. Tá sé cinntithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm le heolas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG, Folláine).
8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí a gcoinneáil in áit slán, daingean.

Bhí cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi gach ceann de na seiceálacha thuas.

MEASTÓIREACHT SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM

Dátaí na cigireachta	11, 12, 13-03-2019
Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh: Cruinniú leis an mbord bainistíochta Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach Cruinnithe le príomhbhaill foirne Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha Agallamh le fócasghrúpa scoláirí	Cruinniú le tuismitheoirí Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí Breathnú ar theagasc agus foghlaim Scrúdú ar obair na scoláirí Aiseolas don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, bord bainistíochta agus múinteoirí

Comhthéacs na scoile

Bunaíodh Pobalscoil Chorca Dhuibhne i 2007 mar thoradh ar chónascadh idir Meánscoil na mBráithre Críostaí agus Meánscoil na Toirbhirte i mBaile an Daingin. Pobalscoil chomhoideachais i gceantar Gaeltachta ina múintear na hábhair go léir trí mheán na Gaeilge is ea í le rollachán reatha de 380 scoláire. Bunaíodh an soláthar Droichead sa scoil i 2009 chun freastal ar chohórt áirithe scoláirí ar bheagán Gaeilge ar theacht chun na scoile dóibh. Tá an scoil cláraithe sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Soláthraítear raon leathan clár do phobal na scoile: an tSraith Shóisearach, an Idirbhliain atá roghnach, an Ardeistiméireacht bhunaithe, Gairmchlár na hArdeistiméireachta agus an Ardeistiméireacht Fheidhmeach. Tá Aonad Uathachais sa scoil freisin.

Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí:

Cinntí

- Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta sa scoil go maith; tá tuiscint mhaith ag an mbord ar a chuid dualgas reachtúla, tá na baill tiomanta go hiomlán don scoil agus tugann siad tacaíocht luachmhar don bhainistíocht shinsearach.
- Feidhmíonn an bhainistíocht shinsearach mar fhoireann aontaithe éifeachtach a chothaíonn cultúr láidir do mhúinín, meas agus cuntasacht roinnte i measc na foirne agus na scoláirí araon, ach tá scóip chun forbartha ann maidir lena chinntiú go bhfuil poist freagrachta ag freagairt go hiomlán do riachtanais uile na scoile.
- Láidreacht shuntasach scoile is ea réimse na folláine; cuirtear raon leathan tacaí ar fáil do scoláirí le rogha inmholta deiseanna comhchuraclaim agus eischuraclaim san áireamh.
- Bhí cáilíocht foriomlán na foghlama agus an teagaisc go maith; Breathnaíodh cleachtas anéifeachtach i gcás formhór mór na gceachtanna, bhí roinnt eile ceachtanna ag leibhéal maith agus scóip chun feabhais i mionlach suntasach de cheachtanna.
- Tá fíís láidir ag an scoil ó thaobh oideachas Gaeltachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil ach is réimse chun feabhais an phleanáil ag leibhéal scoile uile.
- Tá obair mhaith déanta ar ghnéithe éagsúla den fheabhsúchán scoile tríd an bpróiseas féinmheastóireacht scoile, ach tá scóip chun feabhais ann maidir le forbairt na litearthachta sa Ghaeilge ar bhonn scoile uile.

Moltaí

- Ba chóir don bhord agus don bhainistíocht shinsearach plean scoile a chur le chéile, ina bhfuil plean forbarthach mar chuid de, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara na scoile.
- Ba choir don scoil athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar na poist freagrachta agus ar na dualgais a ghabhann leo chomh maith le hathbhreithniú ar obair na ngrúpaí oibre agus minicíocht na gcruinnithe i gcásanna áirithe.
- Ba chóir fócas ar leith a dhíriú ar fhorbairt litearthacht na Gaeilge lena n-áirítear saibhriú na Gaeilge, feasacht ar an ngramadach trasna na n-ábhar éagsúla, tuiscint agus feasacht ar thábhacht agus saíocht na canúna áitiúil i gcomhthéacs an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ 1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE

Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta sa scoil go maith.

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Tá cáilíocht foriomlán na ceannaireachta ar fhoghlaim agus ar theagasc go maith. Tá ionchais arda ann d'fhoghlaim na scoláirí agus dá bhforbairt iomlánaíoch. Tá cultúr foghlama an-láidir cruthaithe sa scoil.

Freastalaítear ar bhealach éifeachtach ar riachtanais foghlama agus forbartha na scoláirí uile trí réimse leathan clár a sholáthar. Tá clár aistrithe scoile an-mhaith a mhaireann ocht seachtain ar fáil do dhaltáí rang a sé sa bhunscoil, a bhfuil sé i gceist acu freastal ar an scoil. Díríonn an clár seo ar riachtanais forbartha na ndaltaí bun scoile chomh maith le fócas ar leith ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge os rud é go múintear na hábhair go léir trí Ghaeilge. Bíonn deis ag scoláirí sa chéad bhliain taithí a fháil ar réimse leathan d'ábhair roghnacha sula gcinneann siad ar na hábhair ar mian leo tabhairt fúthu sa tSraith Shóisearach. Tá súil ag an mbainistíocht shinsearach Clár Foghlama Leibhéal 2 a chur ar fáil do chohórt an-bheag scoláirí sa tSraith Shóisearach amach anseo.

Mar thoradh ar Shocrú Ardchúirte i 2009, tá soláthar ar leith sa scoil do scoláirí ar bheagán Gaeilge ar theacht chun na scoile dóibh. Cuirtear tástáil teanga ar na scoláirí ar fad roimh thús na scoilbhliana agus bunaithe ar thorthaí na tástála sin, déantar áit sa Droichead nó sa soláthar lánGhaeilge (SLG) a thairiscint dóibh tar éis plé agus cead roimhré óna dtuismitheoirí. Fanann scoláirí sa Droichead, áit a mbíonn an teagasc dátheangach agus in oiriúint do leibhéal teanga an scoláire, go dtí go bhfuil siad in ann don SLG. Uaireanta, tarlaíonn an t-aistriú ón Droichead chuig an SLG le linn na céad nó an dara bliana; uaireanta, fanann scoláirí go dtí deireadh na tríú bliana. Ní théann soláthar an Droichid thar an tsraith shóisearach. Cuirtear cabhair sa teanga ar fáil ar bhonn éilimh agus riachtanais indibhidiúil sa tsraith shinsearach. Moltar an obair atá ar siúl sa Droichead agus an comhordú tiomanta ón gcomhordaitheoir teanga a ceapadh ar bhonn páirtaimseartha mar chuid den Socrú Ardchúirte le cabhair ón Roinn Cultúir Oidhreacht agus Gaeltachta. Cé go dtugtar tuairisc don bhord bainistíochta ar scoláirí a bhogann ón Droichead go dtí an SLG, ní choimeádtar aon taifid rialta ar an ráta aistrithe chuig an SLG agus cé chomh tapa agus a tharlaíonn sé i gcás scoláirí éagsúla. Moltar go gcoimeádfái taifid ar na straitéisí éagsúla a úsáidtear chun scoláirí a chumasú sa teanga ar bhonn indibhidiúil agus tuairisc a scríobh ar an ráta aistrithe d'fhonn eolas a chur ar fáil don bhord, don bhainistíocht shinsearach agus don fhoireann. Moltar go mbeadh athbhreithniú ar dhul chun cinn scoláirí sa Droichead mar chuid den phróiseas feabhsúcháin scoile le spriocanna intomhaiste leagtha síos ar bhonn aonair ó thús na céad bhliana bunaithe ar shainriachtanais teanga gach scoláire.

Is láidreacht shuntasach scoile í an fócas ar fhorbairt iomlánaíoch gach scoláire agus an aird a thugtar ar cheisteanna folláine i gcoitinne. Tá clár tacaíochta scoile uile leagtha amach ag an gcoiste cúraim ina bhfuil réimse leathan gníomhartha don fholláine le tréimhsí ama cinnte agus baill foirne luaite leo. Tá séiplíneach páirtaimseartha ar fáil don scoil, socrú a thacaíonn go mór leis an bhfolláine. Soláthraítear na hábhair Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta mar is cuí. Eagraítear sraith inmholta imeachtaí le linn na bliana le fócas ar leith ar an bhfolláine lena n-áirítear cuairteoirí, léachtanna agus seachtain frithbhulaíochta. Cuirtear tréimhse ranga sa tseachtain ar fáil do mhúinteoirí ranga chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn scoláirí. Moltar athstruchtúrú a dhéanamh ar an socrú seo agus an t-am a chur ar fáil don ábhar Folláine atá ag forbairt mar chuid den tSraith Shóisearach.

Bíonn soláthar do riachtanais speisialta oideachais faoi chúram chroífhoireann atá tiomanta do sholáthar tacaíochta foghlama ag an leibhéal is éifeachtaí do na scoláirí uile a bhfuil gá acu leis. Déantar freastal éifeachtach ar na scoláirí a bhfuil tacaíocht bhreise uathu agus déantar monatóireacht leanúnach ar a ndul chun cinn mar is cuí. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh, áfach, ar an gcleachtas a bhaineann le ranganna beaga a chruthú do scoláirí áirithe sna croí ábhair. Moltar go dtabharfadh bainistíocht shinsearach na scoile faoin athbhreithniú seo mar ábhar práinne.

Is liosta le háireamh é an líon deiseanna a fhaigheann scoláirí a bheith páirteach in imeachtaí agus ócáidí traschuraclaim agus eischuraclaim a chuimsíonn réimsí na n-ealaíona agus na n-eolaíochtaí. Imrítear réimse leathan spóirt sa scoil agus tá traidisiún láidir ceoil inti. Leagtar béim inmholta ar rannpháirtíocht i réimse leathan comórtas agus gníomhaíochtaí a bhaineann go dlúth le cur chun cinn na Gaeilge. Bhí rath ar leith ar an rannpháirtíocht sin i mbliana de bharr obair na scoile sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Tacaíonn an bord le deiseanna forbartha gairmiúla (FGL) do mhúinteoirí trí chabhair airgid a sholáthar dóibh siúd atá i mbun cúrsaí FGL atá bainteach le riachtanais na scoile. Glactar le moltaí ó mhúinteoirí maidir le hábhar agus aoichainteoirí do laethanta FGL foirne. Tá scóip chun feabhais ann, áfach, maidir le haithint riachtanais FGL na foirne i leith an oideachais Gaeltachta. Moltar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar riachtanais uile na foirne mar a bhaineann sé le réimse ceisteanna: foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga (FCÁT), forbairt straitéisí difreáilte agus straitéisí don mheasúnú chun foghlama. Cé gur luaigh formhór mór na múinteoirí go dtugtar tacaíocht dóibh nuair a thosaíonn siad sa scoil, níl aon chóras meantóireachta foirmeálta ann. Moltar go gcuirfí córas foirmeálta i bhfeidhm chun tacú leo siúd atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge, b'fhéidir don chéad uair. Tá réimse leathan cúrsaí agus tacaí ar fáil chun tacú leis an oideachas Gaeltachta agus moltar go gcuirfí an fhoireann ar an eolas ina leith.

Moltar bainistíocht na scoile as an teagmháil a dhéantar le hinstiúidí oiliúna múinteoirí agus as deiseanna traenála inscoile a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint.

An eagraíocht a bhainistiú

Déantar an scoil a bhainistiú go héifeachtach. Tá tuiscint mhaith ag an mbord ar a chuid dualgas reáchtála. Léirigh baill an bhoird an-suim agus tiomántas don scoil agus do dhul chun cinn na scoláirí. Léirigh an bord agus an bhainistíocht shinsearach cumas maith chun suíomhanna dúshlánacha a bhainistiú a chuimsíonn luachanna na scoile maidir le comhionannas agus cothromaíocht.

Déanann an bhainistíocht shinsearach bainistiú agus maoirsiú éifeachtach ar eagrúchán laethúil na scoile. Oibríonn siad go han-mhaith as lámha a chéile chun atmaisféar spreagúil, taitneamhach foghlama a chruthú agus a chothú. Tá róil chomhlántacha acu a chuireann ar a gcumas aird a dhíriú ar riachtanais uile na scoile. Ceapadh an príomhoide i mbliana agus tá sé i gceist ag an bpríomhoide agus ag an bpríomhoide tánaisteach am ar leith a chur ar leataobh don phleanáil fhadthréimhseach, cur chuige a chabhróidh leo díriú ar mholtaí na tuairisce seo i leith ceist na pleanála.

Tá líon ard postanna freagrachta ag an scoil le réimse leathan cúraimí agus ról i gceist. Faoi láthair, tá 6 phost Príomhoide Cúnta 1 ann agus 12 phost Príomhoide Cúnta 2. Ní dhearnadh aon athbhreithniú ar sceideal na bpost ó bunaíodh an scoil. Bhí fianaise áirithe ann le linn na meastóireachta nach bhfuil gach post ag freagairt go hiomlán do riachtanais na scoile agus nach raibh an leibhéal céanna freagrachta ag baint le poist áirithe atá ar chomhchéim. Moltar go ndéanfaí athbhreithniú iomlán ar na poist freagrachta agus ar na dualgais a ghabhann leo d'fhonn a chinntiú go bhfuil an leibhéal ceart freagrachta i gceist le haghaidh gach post le fócas géar ar riachtanais na scoile. Ba cheart, mar shampla, go mbeadh ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc agus freagrachtaí i leith an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta san áireamh sna freagrachtaí a ghabhann leis na poist amach anseo.

Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile

Tá an cheannaireacht ar fhorbairt na scoile go maith i réimsí ar leith ach tá scóip chun forbartha ann.

Tá fíís láidir ag an mbord agus ag bainistíocht shinsearach do ról na scoile i dtacú le agus i bhforbairt a pobal Gaeltachta mar atá luaite ina ráiteas misin. Glacann pobal na scoile leis gur scoil Ghaeltachta í agus leagtar béim láidir ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Tuigeann an bhainistíocht shinsearach agus an bord an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a bheith mar theanga chumarsáide na scoile. Is dúshlán leanúnach é spreagadh na Gaeilge mar theanga chumarsáide. Aithnítear go bhfuil comhthéacs sotheangeolaíoch na scoile casta agus go bhfuiltear ag iarraidh freastal ar phobal uile an cheantair. Ní mór, áfach, díriú ar cheist na Gaeilge labhartha leis an bhfoireann agus leis na scoláirí. Moltar, úsáid a bhaint as an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus na cáipéisí a ghabhann léi chomh maith leis an gcomhairle leanúnach atá á chur ar fáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun dul i ngleic leis an dúshlán seo ar bhealach córasach. Is cinnte go bhfuil aird á díriú ar an gceist seo mar cheann de chritéir theanga bhunaithe na Scéime agus go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta. Tá baill foirne áirithe aitheanta chun obair a dhéanamh ar an Scéim agus ar na critéir theanga bhunaithe a bhaint amach. Is cur chuige scoile uile, áfach, atá ag teastáil chun na critéir seo a chur i gcrích. Mar sin, is léir gur gá an fhoireann ina hiomláine a ghríosadh chun tabhairt faoin teanga a chur chun cinn ar bhonn scoile uile.

Tá obair mhaith déanta ar réimse polasaithe a fhorbairt don scoil, obair ina raibh ról lárnach ag an mbord agus de réir mar ba chúig ag coiste na dtuismitheoirí agus comhairle na scoláirí. Ní mór cuid de na polasaithe a thabhairt suas chun dáta agus moltar sceideal a leagan amach ina mbeidh deis ag an mbord tabhairt faoi na polasaithe a athbhreithniú agus a fhaomhadh thar thréimhse ama.

Cé go bhfuil eilimintí de phlean scoile ann lena n-áirítear polasaithe, ráiteas misin, cur chuige an Droichead agus cáipéisí eile nach iad, níl aon phlean scoile oifigiúil ann lena n-áirítear plean forbarthach. Moltar go gcuirfeadh an bord agus an bhainistíocht shinsearach plean scoile le chéile tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann, le tuismitheoirí agus le scoláirí. Ba cheart go gcuimseodh an plean polasaithe uile na scoile maraon leis an ráiteas misin, plean straitéiseach d'fhorbairt na scoile, plean feabhsúcháin bunaithe ar an bpróiseas féinmheastóireacht scoile (FMS) lena n-áirítear láidreachtaí agus dúshláin agus an plean gníomhaíochta don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Cothaíonn an bhainistíocht shinsearach caidreamh an-chuiditheach le pobal uile na scoile. Bunaíodh an scoil mar scoil don phobal agus is cinnte go bhfuil an prionsabal sin neadaithe i ngach gné dá cuid oibre. Tá nasc ag an scoil leis na heagraíochtaí pobail agus stáit ar fud na leithinise d'fhonn áit na scoile sa phobal a dhaingniú. Tá cúpla tionscnamh ar siúl ag lucht na hIdirbhliana chun lámh cunta a thabhairt do dhaoine éagsúla sa phobal agus moltar an nasc sin. Is léir go gcuirtear raon leathan deiseanna agus eispéiris foghlama ar fáil le linn na hIdirbhliana. Glacann pobal na scoile páirt i réimse leathan féilte agus ócáidí áitiúla maraon le ról maidir le cúrsaí carthanachta.

Tá coiste tuismitheoirí ann atá gníomhach agus tacúil don scoil. Léirigh freagraí ó cheistneoirí ar thuismitheoirí leibhéal an-ard sástachta leis an soláthar oideachais agus an tslí ina bhfuil an scoil á bainistiú.

Coinnítear tailte na scoile agus na foirgnimh ag caighdeán an-ard. Tá timpeallacht taitneamhach foghlama cruthaithe sa bhfoirgneamh agus breathnaíodh samplaí d'obair scoláirí i ngnéithe éagsúla den oideachas eischuraclaim ar ardchaighdeán le linn na meastóireachta.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Tá cáilíocht maidir le hacmhainn na ceannaireachta a fhorbairt go maith. Aithnítear na hiarrachtaí fóna i leith na ceannaireachta dáilte sa scoil. Tugtar an iliomad deiseanna do mhúinteoirí chun tuairimí a nochtadh trí réimse leathan coistí. Tá suas le trí choiste déag ann a phléann raon cuimsitheach gnéithe de shaol na scoile. Cé go moltar raon na hoibre, tá scóip chun feabhais ann chun éifeacht na gcoistí a fhorbairt. Moltar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar réasúnaíocht na gcoistí agus minicíocht chuid de na cruinnithe le cinntiú go bhfuil an úsáid is éifeachtaí á baint as an am luachmhar a chuirtear ar fáil d'obair na gcoistí.

Léirítear meas sa scoil ar thuairimí scoláirí. Breathnaíodh fianaise láidir ina leith seo ó fhreagraí cheistneoirí na scoláirí agus ó na caidrimh mheasúla a bhí soiléir idir baill foirne agus scoláirí. Feidhmíonn comhairle na scoláirí go maith ar an iomlán cé go raibh moill i mbliana le tús a chur lena cuid oibre. Moltar a chinntiú go gcuirtear an chomhairle ar bun go luath sa scoilbhliain le clár agus córas oibre soiléir. Ba mhaith an rud é freisin deis a thabhairt do bhaill na comhairle cur i láthair a dhéanamh don bhord bainistíochta ar a cuid oibre uair sa bhliain.

Cruthaítear deiseanna do scoláirí ról ceannaireachta a ghlacadh i réimsí éagsúla oibre sa scoil, mar shampla córas meantóireachta idir lucht na céad bhliana agus scoláirí sa tsraith shinsearach. Eagraítear léitheoireacht bheirte agus cairde mata idir an chéad agus an dara bliain agus scoláirí sa chúigiú bliain. Tá coiste Gaeilge curtha le chéile le hionadaíocht ó na bliainghrúpaí go léir. Is cur chuige nua inmholta é seo ceangailte leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Ní mór gach iarracht a dhéanamh ról na scoláirí i gcur chun cinn na teanga a fhorbairt agus a chothú chun tacú le hobair na múinteoirí agus le haidhm na scoile aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAIS AGUS NA FOGHLAMA

Breathnaíodh 23 ceacht le linn na meastóireachta trasna na n-ábhar, na gclár agus Droichead. Bhí cáilíocht foriomlán na foghlama agus an teagaisc éifeachtach. Breathnaíodh cleachtas an-éifeachtach i gcás formhór mór na gceachtanna, bhí roinnt ceachtanna eile ag leibhéal maith agus scóip chun feabhais i mionlach suntasach de cheachtanna.

Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimeoirí

Bhí eispéiris foghlama na scoláirí an-dearfach agus tairbheach ar an iomlán. Léirigh na múinteoirí suim sa teagasc agus ina gcuid ábhar féin. Cruthaíodh timpeallacht foghlama dearfach ina raibh scoláirí féinspreagtha agus díograiseach.

Bhain múinteoirí úsáid as réimse leathan modheolaíochtaí agus bhí na cuir chuige teagaisc go hanmhaith i dtromlach na gceachtanna. I bhformhór na gceachtanna, chruthaigh múinteoirí deiseanna foghlama a bhí comhoibríoch agus táirgiúil. Chinntigh sé seo go raibh luas maith leis an obair agus go raibh na scoláirí gafa agus rannpháirteach ina gcuid foghlama féin.

Rinne formhór na múinteoirí bainistiú oilte ar a gcuid ionchuir féin rud a chinntigh raibh guth na scoláirí i dtreis don chuid ba mhó. Bhí scoláirí sásta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceachta agus léirigh siad tuairimí dá gcuid féin.

Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide an tseomra ranga go maith ar an iomlán. Bhain múinteoirí úsáid oilte as an nGaeilge mar theanga chumarsáide agus bainistíochta. Tugadh faoi deara gur Béarla a bhí le cloisteáil uaireanta ó mhionlach scoláirí le linn na gceachtanna. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Bhí múinteoirí eolach faoi riachtanais foghlama aonair na scoláirí agus chabhraigh siad leo dúshlán a shárú agus teacht ar réitigh faoi stiúr an mhúinteora. Cé gur ranganna ilchumais mheasctha a bhí i gceist go minic, ní raibh straitéisí difreáilte forbartha go leor i roinnt ceachtanna. Ba cheart plé ar bhonn scoile uile a dhéanamh ar straitéisí difreáilte a fhorbairt ionas go mbeadh an leibhéal cuí dúshlán ann do na scoláirí uile.

Baineadh úsáid as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) i roinnt mhaith ceachtanna. Léirigh torthaí na gceistneoirí ó na scoláirí go n-aontaíonn an tromlach go mbaintear úsáid rialta as TFC. Moltar tiomantas na múinteoirí d'úsáid na nuatheiceolaíochta. Bhí féidearthachtaí i gceachtanna áirithe, áfach, chun úsáid níos cruthaithí a bhaint aisti chun tacú leis an bhfoghlaim agus chun ábhar na gceachtanna a chur i gcomhthéacs comhaimseartha spéisiúil.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Bhí cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí ar cháilíocht an-mhaith san iomlán cé go raibh gnéithe le forbairt i gceachtanna ar leith.

Roinneadh intinní foghlama le scoláirí ag tús formhór mór na gceachtanna. Rineadh measúnú orthu seo le linn an ranga agus ag an deireadh sna ceachtanna b'éifeachtaí.

Bhain múinteoirí úsáid fhóna as straitéisí measúnaithe chun foghlama i dtromlach na gceachtanna. Thug múinteoirí aiseolas foirmitheach ó bhéal do scoláirí. Ní raibh aiseolas foirmitheach ach i líon beag cóipleabhar. Moltar go mbeadh cur chuige scoile uile ann maidir le haiseolas foirmitheach i scríbhinn a thabhairt sna cóipleabhair chun treoir shoiléir a thabhairt do scoláirí maidir le cáilíocht a gcuid oibre agus conas í a fheabhsú.

Rinneadh tagairtí do shealbhú téarmaíochta nua sa Ghaeilge i gcuid de na ceachtanna agus díriodh aird na scoláirí ar fhocail nua agus a gceart úsáide. Leagadh béim i líon bheag ceachtanna ar shaibhriú na teanga agus ar riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge. Bhí scóip chun forbartha ann, áfach, ar an iomlán mar a bhain sé le forbairt na litearthachta sa Ghaeilge i scríbhinn agus ó bhéal. Moltar go nglacfaidh gach múinteoir ról i leith fhorbairt litearthacht na Gaeilge agus feasacht ar chruinn úsáid na teanga. Cuimsíonn fócas ar fhorbairt litearthacht na Gaeilge: saibhriú na Gaeilge i scríbhinn agus ó bhéal, feasacht ar an ngramadach trasna na n-ábhar éagsula, tuiscint agus feasacht ar thábhacht agus saíocht na canúna áitiúil i gcomhthéacs na Scéime agus spreagadh scoláirí chun an chanúint áitiúil a úsáid.

Bhí cáilíocht na pleanála do cheachtanna agus do na hábhair go maith ar an iomlán. Ba léir go ndéanann múinteoirí pleanáil go comhoibrítheach. Tá scóip chun forbartha ann maidir le cuid de na pleananna ábhair agus moltar díriú ar an bpleanáil do chur i bhfeidhm na sonraíochtaí nua sna hábhair éagsula de réir mar a thugtar isteach sa churaclam iad.

Ar mhaithe leis na dea-chleachtais teagaisc a breathnaíodh i bhformhór mór na gceachtanna a roinnt tríd an scoil, moltar go gcuirfeadh an bhainistíocht deiseanna piarbhreathnóireachta agus buíontegaic ar fáil don fhoireann.

3. CUR i BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Ní raibh aon mholtaí sna tuairiscí meastóireachta a scríobhadh roimhe seo a bhain le ceannaireacht agus bainistíocht.

Teagasc agus Foghlaim

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis na moltaí a rinneadh i meastóireachtaí roimhe seo. Bhí modheolaíochtaí gníomhacha le feiceáil i gceachtanna le straitéisí maithe ceistiúcháin. Roinneadh na hintinní foghlama ag tús na gceachtanna agus chuathas siar orthu chun dul chun cinn na foghlama a mheas. Tá scóip chun forbartha ann mar a bhaineann sé le ceartú obair bhaile agus aiseolas foirmitheach i scríbhinn a thabhairt.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE

Tá cáilíocht an phróiseas féinmheastóireachta sa scoil go maith cé go bhfuil scóip chun forbartha ann. Tá acmhainn feabhsúcháin na scoile ag leibhéal an-ard.

Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile (FMS)

Tá roinnt mhaith oibre déanta ag an bhfoireann ar phróiseas FMS. Cuireadh réimse leathan ceistneoirí ar scoláirí, ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí chun láidreachtaí agus dúshláin a aithint agus pleanáil a dhéanamh ina leith. Cé gur breathnaíodh fócas ar an litearthacht agus uimhearthacht i gceachtanna áirithe, ní mór díriú ar na scileanna seo a neadú trasna na gceachtanna uile. Tá fócas i mbliana ar chleachtas aonair an mhúinteora agus ar ghnóthachtáil scoláirí. Tá obair fhóna ar siúl sa scoil mar chuid den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta chun freastal ar leith a dhéanamh ar riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimseoirí araon. Cuirtear cabhair bhreise teanga ar fáil ina leith seo trí na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge atá ar fáil tríd an Scéim. Moltar an obair atá ar siúl faoi láthair agus an fócas ar ghnóthachtáil scoláirí sa teanga trí thástálacha éagsúla.

Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán

Léirigh bainistíocht shinsearach na scoile agus na múinteoirí oscailteacht don phróiseas meastóireachta agus don fheabhsúchán scoile. Tá spéis ag pobal na scoile a bheith páirteach i dtionscnaimh agus tionscadail éagsúla nua. Glactar páirt i réimse leathan comórtas ar mhaithe le cumas agus dul chun cinn na scoláirí a aithint agus a fhorbairt.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeán soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí ansuntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuireann Bord Bainistíochta Phobalscoil Chorca Dhuibhne fáilte roimh thorthaí na tuairisce seo. Fáiltimid roimh an aitheantas go bhfeictear go bhfuil an tacaíocht d'ár scoláirí ag leibhéal an-mhaith anseo sa Phobalscoil. Táimid an-sásta gur bhraith an Chigireacht go bhfeidhmíonn an bhainistíocht shinsearach mar fhoireann aontaithe éifeachtach a chothaíonn cultúr láidir muiníne, measa agus cuntasachta roinnte i measc na foirne agus na scoláirí araon; gur láidreacht shuntasach scoile is ea réimse na folláine; gur chinn an Chigireacht go raibh an teagasc agus an fhoghlaim go maith; gur breathnaíodh cleachtas an-éifeachtach i gcás formhór na gceachtanna agus go bhfuil fíis láidir ag an scoil ó thaobh Oideachas Gaeltachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an gníomhaíocht chigireachta chun tástáil agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Glacann an Bord Bainistíochta le moltaí na tuairisce agus cinnteofar go gcuirfear na moltaí ar fad ón tuairisc i bhfeidhm go coinsiasach agus go críochnúil. Ó chuart na Cigireachta, tá tús curtha againn le cuid de na moltaí seo a chur i bhfeidhm. Ar an gcéad dul síos, táimid tosaithe ag déanamh athbhreithnithe ar na postanna freagrachta, ar sholáthar Riachtanais Speisialta Oideachais agus réasúnaíocht na gcoistí agus minicíocht cuid de na cruinnithe. Anuas air sin, táimid sásta béim a chur ar fhorbairt litearthacht na Gaeilge lena n-áirítear saibhriú na Gaeilge, feasacht ar an ngramadach trasna na n-ábhar éagsúla, tuiscint agus feasacht ar thábhacht agus saíocht na canúna áitiúla i gcomhthéacs na Scéime Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta agus díriú ar labhairt na Gaeilge i measc na ndaltaí. Beidh deis ag múinteoirí na scoile cáilíocht TEG a bhaint amach sa scoilbhliain 2019/2020 chun an fhoireann ina hiomláine a ghríosadh chun tabhairt faoin teanga a chur chun cinn ar bhonn scoile uile.

Táimid chun tabhairt faoi phlean scoile chomh maith. Tá sé i gceist againn eilimintí den phlean scoile atá againn lena n-áirítear polasaithe, ráiteas misin, cur Chuige sa Droichead agus cáipéisí eile nach iad a tharraingt le chéile mar phlean scoile cuimsitheach ina mbeidh polasaithe uile na scoile mar aon leis an ráiteas misin, plean straitéiseach d'fhorbairt na scoile, plean feabhsúcháin bunaithe ar an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) lena n-áirítear láidreachtaí agus dúshlán agus an plean gníomhaíochta don Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole-School Evaluation
Management, Leadership and Learning

REPORT

Ainm na scoile / School name	Pobalscoil Chorca Dhuibhne
Seoladh na scoile / School address	The Grove Dingle Co. Kerry
Uimhir rolla / Roll number	915110

Date of Evaluation: 04-03-2019



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report

WHOLE-SCHOOL EVALUATION – MANAGEMENT, LEADERSHIP AND LEARNING

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
